AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 28.5.2025
COM(2025) 291 final/2
Downgraded on 4.7.2025

ANNEX

IARSCRÍBHINN

a ghabhann le

Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhairle Comhpháirtíochta arna bunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le dearbhú comhpháirteach ón Aontas agus ón Ríocht Aontaithe i gComhairle Comhpháirtíochta an Chomhaontaithe sin

IARSCRÍBHINN

DEARBHÚ COMHPHÁIRTEACH [ ] ÓN AONTAS AGUS ÓN RÍOCHT AONTAITHE SA CHOMHAIRLE COMHPHÁIRTÍOCHTA ARNA BUNÚ LEIS AN GCOMHAONTÚ TRÁDÁLA AGUS COMHAIR IDIR AN TAONTAS EORPACH AGUS AN COMHPHOBAL EORPACH DO FHUINNEAMH ADAMHACH, DE PHÁIRT, AGUS RÍOCHT AONTAITHE NA BREATAINE MÓIRE AGUS THUAISCEART ÉIREANN, DEN PHÁIRT EILE

an [ ] 2025

Athdhearbhaíonn an tAontas Eorpach agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann ('an Ríocht Aontaithe') a dtiomantas do chur chun feidhme iomlán an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair, mar chuid de chomhpháirtíocht eacnamaíoch atá uaillmhianach, fadréimseach agus cothrom agus a bhfuil tairbhí frithpháirteacha ag baint léi.

Sa chomhthéacs sin, agus i bhfianaise chuspóirí Chuid a Dó, Ceannteideal a hAon, Teideal VIII maidir le fuinneamh den Chomhaontú Trádála agus Comhair ('Teideal VIII'), is é sin trádáil agus infheistíocht a éascú idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe i réimsí an fhuinnimh agus na n-amhábhar, agus chun tacú, ar bhonn leanúnach, le slándáil an tsoláthair agus le hinbhuanaitheacht comhshaoil, go háirithe maidir le rannchuidiú leis an gcomhrac i gcoinne an athraithe aeráide sna réimsí sin, tá tuiscint pholaitiúil idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe gur cheart na cuspóirí sin a shaothrú ar bhonn leanúnach agus gurbh iomchuí síneadh a chur le cur i bhfeidhm Theideal VIII.

Dhéanfaí é sin trí chinntí comhleanúnacha a dhéanfaí i gcomhréir le hAirteagal 331(2) den Chomhaontú Trádála agus Comhair.